

CEARTÚCHÁIN

CEARTÚCHÁN AR AN GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE - INIÚCHÓIRÍ AIRGEADAIS – CLÁR NA
NGAIRMITHE SÓISEARACHA

Baill foirne shealadacha (grád AD 6)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 400 A an 4 Deireadh Fómhair 2021)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 17 Meitheamh 2020)

Ar leathanach 2, faoi phointe “2. Cáilíochtaí”:

in ionad:

“I gcomhréir le hAirteagal 10 (1) de CFSE:

- i. leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile 3 bliana ar a laghad ar baineadh diplóma amach dá bharr, agus **ar bronnadh an diplóma sin níos lú ná 6 bliana roimh sprioc na n-iarratas maidir leis an nglao seo**; nó
- ii. oiliúint ghairmiúil ar leibhéal comhionann, de réir mar is gá ar mhaithe le leas na seirbhíse ar tugadh faoi **níos lú ná 6 bliana roimh sprioc na n-iarratas maidir leis an nglao seo**.

Sa bhreis ar an méid thuasluaite, **ní mór** d’iarrthóirí:

- céim mháistreachta a bheith acu san iniúcháireacht, cuntasáíocht, staidreamh, matamaitic, riarachán gnó, airgeadas nó eacnamaíocht; nó
- cáilíocht ghairmiúil a bheith acu i réimse na hiniúcháireachta nó na cuntasáíochta (ACCA, CIA, srl.)”.

léitear:

“I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de CFSE, ní mór d’iarrthóirí, faoi dháta a n-iarratais:

- i. leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile 3 bliana ar a laghad ar baineadh diplóma amach dá bharr, agus **ar bronnadh an diplóma sin níos lú ná ocht (8) mbliana roimh sprioc na n-iarratas maidir leis an nglao seo**; nó
- ii. oiliúint ghairmiúil ar leibhéal comhionann, de réir mar is gá ar mhaithe le leas na seirbhíse ar tugadh faoi **níos lú ná ocht (8) mbliana roimh sprioc na n-iarratas maidir leis an nglao seo**.

Bheadh céim Mháistreachta (MSc) sa réimse iniúcháireachta, cuntasáíochta, staitisticí, matamaitice, riaracháin ghnó, airgeadais nó eacnamaíochta; nó cáilíocht ghairmiúil i réimse na hiniúcháireachta nó na cuntasáíochta (ACCA, CIA, srl.) **ina buntáiste**.”.

Ar leathanach 3, faoi “Iarratais”:

in ionad: “**Is é an 29 Deireadh Fómhair Samhain 2021 ar 12:00 (meán lae) am Lár na hEorpa an spriocdháta le haghaidh iarratas.**”.

léitear: “**Is é an 30 Samhain 2021 ar 12:00 (meán lae) am Lár na hEorpa an spriocdháta le haghaidh iarratas.**”.

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
4 Deireadh Fómhair 2021



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Chúirt Iniúchóirí

Glaó ar léiriú spéise – Iniúchóirí Airgeadais – Clár na nGairmithe Sóisearacha – Baill foirne shealadacha (grád AD 6)

1

GA

* Faoin tagairt C 400 A a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dtéangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE

Iniúcháirí Airgeadais – Clár na nGairmithe Sóisearacha

Baill foirne shealadacha (grád AD 6)

CÉ MUIDE

Is í Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) iniúcháir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Bunaíodh an Chúirt sa bhliain 1975, agus is ceann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh í. Táimid lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 900 ball foirne iniúcháireachta, tacaíochta agus riaracháin fostaithe againn ó gach náisiúntacht AE.

Feidhmíonn an Chúirt mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 gComhalta, le comhalta amháin ó gach Ballstát AE. Is í an obair a bhíonn ar siúl ag ár n-iniúcháirí ná a chinntiú go bhfuil cuntais chearta á gcoinneáil ag an Aontas, go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige, go gcomhlíonann beartais agus cláir AE na cuspóirí atá beartaithe leo, agus go gcuireann siad luach ar airgead ar fáil.

Cabhraímid leis an mbainistíocht airgeadais a dhéantar san Aontas a fheabhsú trínár gcuid oibre, chomh maith leis an gcuntasacht agus an trédhearcacht a chur chun cinn. Cuirimid reachtóirí agus lucht ceaptha beartais ón Aontas ar a bhfaichill ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, tugaimid eolas dóibh faoi aon easnamh atá ann agus faoin dul chun cinn atá déanta acu. Tugaimid cinnteacht dóibh agus cuirimid comhairle orthu freisin. Cuirimid ár mbarúlacha agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na rialtas agus parlaimintí náisiúnta, chomh maith leis an bpobail i gcoitinne freisin.

Tá an Chúirt roinnte i ndeich stiúrtóireacht iniúcháireachta agus riaracháin a fheidhmíonn le foirne atá solúbtha agus bunaithe ar chúraimí. Pléann na stiúrtóireachtaí iniúcháireachta le réimsí éagsúla beartais dá sanntar baill foirne de réir na dtosaíochtaí a easraíonn as an gclár oibre. Tá an bainistiú eolais agus an fhorbairt a dhéantar ar saineolas iomchuí rithabhachtach dár gcuid oibre iniúcháireachta, obair a bhaineann leis an taisteal go tíortha AE agus tíortha eile ar fud an domhain freisin. Tá timpeallacht foghlama spreagúil á tairiscint ag an gCúirt a chuireann deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil.

A BHFUIL Á THAIRISCINT AGAINN

D'fhonn fostaíocht don aos óg a chur chun cinn agus céimithe nua éirimiúla a mhealladh, tá an Chúirt ag seoladh Clár Gairmithe Sóisearacha, ina bhfuil conarthaí iniúchára ar feadh tréimhse teoranta á dtairiscint. Tabharfar deis forbartha gairmiúla uathúil agus taithí oibre luachmhar do rannpháirtithe sa chlár seo, chomh maith le léargas ar chúrsaí airgeadais, beartais an Aontais agus ról na Cúirte.

Chinneamar liosta ionadaithe d'iniúcháirí a bhunú, a d'fhéadfaí conarthaí a thairiscint dóibh mar fhoireann shealadach na hinstiúide, ag brath ar na poist atá ar fáil agus na riachtanais oibríochtúla.

Earcófar na hiniúcháirí faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CFSE)⁽¹⁾ ar feadh tréimhse ceithre bliana, atá inathnuaite uair amháin ar feadh uastréimhse dhá bhliain breise. Beidh an Conradh tosaigh faoi réir tréimhse phromhaidh naoi mí.

Glacfaidh na hiniúcháirí nua-earcaithe páirt i gclár imeasctha na Cúirte agus is é a bheidh i gceist leis an gclár sin ná tréimhse ionduchtúcháin a mbeidh oiliúint iomchuí agus tumadh i bhfoirne iniúcháireachta ag gabháil léi.

(1) <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20200101&from=EN>

Faoi láthair, is é EUR 5 563,58 an buntuarastal míosúil a íoctar ag grád AD 6 (céim 1).

Féadfar liúntais áirithe a chur leis an mbuntuarastal sin, rud a thiocfaidh faoi réir cháin AE agus a bheidh díolmhaithe ó cháin náisiúnta, de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i CFSE agus ag brath ar chásanna aonair agus comhdhéanamh teaghlaigh.

Is féidir leis na forálacha atá ag treorú an ríomha maidir leis na lamháltais sin a phlé i CFSE.

Tá a gcórais pinsean agus sláinte féin ag institiúidí an Aontais agus déantar ranníocaíochtaí a asbhaint ó thuarastail na foirne ag an bhfoinse.

Féadfaidh leanaí na mball foirne clárú saor in aisce ag an Scoil Eorpach.

A BHFUIL Á LORG AGAINN

1. Ceanglais dhlíthiúla

I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de CFSE, ní mór d'iarrthóirí, faoi dháta a n-iarratais:

- a bheith ina náisiúnach le ceann de Bhallstáit AE;
- a gcearta iomlána mar shaoránaigh a bheith acu;
- aon oibleagáid a chuirtear orthu leis na dlíthe earcaíochta a bhaineann leis an tseirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu; agus
- na riachtanais charachtair a theastaíonn do na dualgais atá i gceist a shásamh.

2. Cáilíochtaí

I gcomhréir le hAirteagal 10 (1) de CFSE:

- i. leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile 3 bliana ar a laghad ar baineadh dioplóma amach dá bharr, agus **ar bronnadh an dioplóma sin níos lú ná 6 bliana roimh sprioc na n-iarratas maidir leis an nglao seo**; nó
- ii. oiliúint ghairmiúil ar leibhéal comhionann, de réir mar is gá ar mhaithe le leas na seirbhíse ar tugadh faoi **níos lú ná 6 bliana roimh sprioc na n-iarratas maidir leis an nglao seo**.

Sa bhreis ar an méid thuasluaite, **ní mór** d'iarrthóirí:

- céim mháistreachta a bheith acu san iniúchóireacht, cuntasafocht, staidreamh, matamaitic, riarachán gnó, airgeadas nó eacnamaíocht; nó
- cáilíocht ghairmiúil a bheith acu i réimse na hiniúchóireachta nó na cuntasafochta (ACCA, CIA, srl.).

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach gcuirfeadh san áireamh ach dioplómaí agus cáilíochtaí gairmiúla a bronnadh nó a aithníodh i mBallstáit AE (nó iar-AE), nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis ó cheann de na Ballstáit sin.

3. Taithí ghairmiúil

Teastaíonn **dhá (2) bhliain ar a laghad** de thaithí oibre i réimse na hiniúchóireachta.

4. Eolas ar theangacha

- Sársaighdeán (máthairtheanga nó leibhéal C2 ar a laghad i dtuiscint, labhairt agus scríobh na teanga) ar cheann de theangacha oifigiúla AE.
- Ós rud é gurb iad an Béarla agus an Fhraincis na teangacha oibre oifigiúla sa Chúirt, ní mór eolas fóna a bheith ag an iarrthóir ar cheann de na teangacha sin (leibhéal C1 ar a laghad i dtuiscint, labhairt agus scríobh na teanga). Sa chás go bhfuil an Béarla nó an Fhraincis mar mháthairtheanga ag an iarrthóir, ní mór eolas fóna a bheith ag an duine sin ar theanga oibre oifigiúil eile na Cúirte (leibhéal C1 ar a laghad i dtuiscint, labhairt agus scríobh na teanga).

Bheadh eolas ar theangacha eile ina bhuntáiste.

Is féidir leat do chuid scileanna teanga iasachta a mheas ag:

<https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-2-cefr-3.3-common-reference-levels-self-assessment-grid>

5. Scileanna

- cumasach maidir le faisnéis a bhailiú, a thiomsú agus anailís a dhéanamh uirthi
- scileanna cumarsáide maithe
- solúbthacht ó thaobh na hoibre in eagraíocht atá bunaithe ar chúraimí agus i dtimpeallacht idirnáisiúnta
- Cumasach maidir le hobair a dhéanamh go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann, lena n-áirítear taisteal do mhisin iniúchóireachta.
- athléimneacht agus spreagadh láidir

NÓS IMEACHTA

Déanfaidh coiste roghnúcháin, arna cheapadh ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (AECCE) na hiarratais a scrúdú.

Déanfaidh an coiste roghnúcháin liosta de na hiarrthóirí a chomhlíonann critéir 1 go 4 thuas.

Beidh an liosta bailí go dtí an 31 Nollaig 2023 agus féadfar é a athnuachan.

Roghnóidh na stiúrthóireachtaí iniúchóireachta iarrthóirí ón liosta a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh, bunaithe ar a riachtanais seirbhíse. Féadfar iarradh ar iarrthóirí chun trialacha sonracha breise a dhéanamh maidir lena scileanna agus iniúilachtaí a mheas freisin. Cuirfear cineál, ábhar agus am na trialacha sin in iúl do na hiarrthóirí uile in am trátha.

Is é an coiste roghnúcháin a dhéanfaidh na hagallaimh agus na trialacha sin a reáchtáil.

Tar éis na n-agallamh agus na dtrialacha, molfaidh an coiste roghnúcháin do AECCE liosta d'iarrthóirí a chomhlíonann na riachtanais do dhualgais an phoist (critéir 3 go 5 thuas). Bunaithe ar riachtanais seirbhíse agus ar an bhfáil atá ar phoist, féadfaidh AECCE tairiscint poist a chur ar fáil d'iarrthóirí amháin nó níos mó ar an liosta sin.

Ní chinntítear aon teidlíocht earcaíochta trí áit a bheith bainte amach ag na hiarrthóirí ar an liosta a chuirfear chuig AECCE.

IARRATAIS

Is é an 29 Deireadh Fómhair 2021 ar 12.00 (meán lae) am Lár na hEorpa an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Ní mór don iarratas a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus **gan a úsáid ach an fhoirm ar líne** atá ar fáil ag bun an ghlaio ar léiriú spéise (**EN nó FR**) ar an leathanach Deiseanna Fostaíochta ar shuíomh gréasáin na Cúirte (faoi "Open positions"):

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx#page-search—index—lang—en_US

Ní mór na doiciméid seo a leanas a bheith san iarratas:

- litir inspreagtha (**leathanach amháin ar a mhéad**),
- CV atá cothrom le dáta (**3 leathanach ar a mhéad**) agus nach mór a bheith leagtha amach i bhformáid "Europass" (féach <https://europa.eu/europass/ga>).

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach dtabharfar san áireamh leis an meastóireacht ar d'iarratais **ach amháin** an fhaisnéis a bheas le fáil i do CV agus i do litir inspreagtha.

Measfar na sonraí a thugtar san iarratas a bheith fíor agus ceart agus beidh siad ceangailteach ar an iarratasóir dá réir.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ar iarratas a fháil, fianaise i scríbhinn a sholáthar maidir lena gcáilíochtaí, taithí ghairmiúil agus dualgais reatha, má mheastar é sin a bheith riachtanach.

Molaimid go láidir d'arratasóirí gan fanacht go dtí na huaireanta deiridh chun a n-iarratas a chur isteach lena chinntiú go bhfuil d'arratas comhlánaithe in am. Tarlaíonn sé uaireanta go gcuirtear ró-ualach ar an gcóras sna laethanta roimh spriocdháta an iarratais.

Diúltófar d'aon iarratas nach mbeidh ag cloí go docht leis na treoracha sin.

BEARTAS EARCAÍOCHTA

I gcomhréir lenár mbeartas comhdheiseanna na Cúirte agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, fáiltimid roimh an éagsúlacht agus cuirimid comhdheiseanna chun cinn. Glacann an Chúirt le hiarratais gan idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras, agus tá céimeanna tugtha aici lena chinntiú go bhfuil cothromaíocht ann idir fir agus mná ó thaobh na hearcaíochta de, de bhun Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Déanann an Chúirt bearta freisin d'fhonn réiteach a dhéanamh idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

Má theastaíonn aon socrú speisialta uait (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost in am trátha roimh ré chuig ECA-Selection@eca.europa.eu.

COSAINT SONRAÍ

Tá rún daingean ag an gCúirt a chinntiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018, maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Áirítear aisghairm Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE⁽²⁾.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil sa ráiteas príobháideachais sonracha maidir le folúntais fostaíochta, ar fáil ag:

https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF

Déanfar liosta d'ainmneacha na n-iarrthóirí a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa ghlaeo seo ar léiriú spéise, agus foilseofar ar shuíomh gréasáin CIE (inlín agus idirlín) é. Fanfaidh an liosta sin ar ár suíomh gréasáin go dtí nach mbeidh sé bailí a thuilleadh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil sé de cheart agat iarratas a dhéanamh chun d'ainm a bhaint den liosta foilsithe. Féadfaidh tú é sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig ECA-Selection@eca.europa.eu.

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Má mheasann tú go bhfuil tú thíos le cinneadh éigin a rinneadh tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, tá na roghanna seo a leanas agat:

I. Iarraidh a chur chuig an gcoiste roghnúcháin maidir le hathmhachnamh a dhéanamh ar a chinneadh

Féadfaidh tú iarraidh réasúnaithe i scríbhinn a chur isteach le go ndéanfaí athmhachnamh ar chinneadh atá déanta ag bord. Ní mór an t-iarratas sin a sheoladh chuig ECA-Recours@eca.europa.eu laistigh de 10 lá ó fhógairt an chinnidh.

II. Gearáin

De réir Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán a chur isteach in aghaidh Cinneadh ón gCúirt diúltú don iarratas uait, laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin, chuig an seoladh seo:

The Secretary-General
European Court of Auditors
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

III. Achomhairc bhreithiúnacha

Faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú achomharc in aghaidh cinneadh diúltú don ghearán uait, sa mhéid a chuireann an cinneadh sin isteach ort, a chur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní mór do dhlíodóir caingean den sórt sin a thaisceadh laistigh de thrí mhí tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

⁽²⁾ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

IV. Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach

Má mheasann tú gur bhain drochriarachán leis an gcaoi a ndearna CIE d'arratas a láimhseáil, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, tar éis duit teagmháil a dhéanamh leis an gCúirt i dtosach báire d'fhonn an díospóid a réiteach. Ní mór do ghearán i scríbhinn a chur isteach laistigh de dhá bhliain tar éis duit eolas a fháil ar na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearáin leictreonach le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Sa chás go ndéanfar gearán leis an Ombudsman Eorpach, ní chuirfidh sin na spriocdhátaí achomhairc thuasluaite ar fionraí.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA